

Rudaí le meas le haghaidh Oideachas ar Chaidreamh agus ar Ghnéasacht a mhúineadh do pháistí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu

Réamhrá

De bharr go bhfuil éagsúlacht de pháistí i mbunscoileanna in Éirinn, níl aon chur chuige a fheileann do gach páiste chun OSPS/OCG a theagasc. Tá sé mar aidhm ag an ábhar tacaíochta seo cuidiú leat agus tú ag pleanáil eispéiris chuí foghlama OSPS/OCG do na páistí i do rang a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu (RSO). Tá an t-ábhar tacaíochta dírithe ar mhúinteoirí a oibríonn i scoil speisialta nó i rang speisialta, ach, d'fhéadfadh an t-ábhar tacaíochta a bheith ina chabhair ag na daoine a oibríonn le páistí i scoil phríomhshrutha. Tá sé tábhachtach go gcuimhnítear nach mar a chéile réimse aoise na bpáistí i scoil speisialta agus réimse aoise na bpáistí i scoil phríomhshrutha. Mar sin, ba cheart na smaointe agus na heispéiris foghlama san acmhainn seo a mheas i dtaobh riachtanais spéiseanna, aois agus céim ar leith na bpáistí i gcomhairle lena dtuismitheoirí, an phobail scoile níos leithne agus do phlean OSPS agus do bheartas OCG na scoile. Díríonn an t-ábhar tacaíochta seo ar thacaíocht a thabhairt do pháistí atá faoi mhíchumais foghlama ghinearálta (MFG) go háirithe. Mar sin, cuireadh san áireamh ann go bhfuil raonta éagsúla inniúlachtaí taobh istigh de MFG (éadrom, meánach, géar agus trom) agus go bhféadfadh go mbeadh riachtanais eile acu chomh maith le míchumas foghlama ginearálta.

Cuimsíonn sé na codanna seo a leanas:

- OCG do pháistí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu
- Pleanáil i gcomhair eispéiris foghlama ionchuimsitheacha in OSPS/OCG
- Rudaí praiticiúla le meas agus straitéisí praiticiúla chun OCG a theagasc do pháistí a bhfuil OCG acu
- Léitheoireacht bhreise.

OCG do pháistí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu

Tugtar breac-chuntas sa Churaclam OSPS maidir leis an bhfoghlaim chuí do gach aois agus céim d'fhorbairt an pháiste. Chun inrochtaineacht, caighdeán agus cothromas a chinntiú ba cheart do mhúinteoirí:

- machnamh a dhéanamh ar an gcaoi is fearr chun freastal ar riachtanais na bpáistí ar fad nuair atáthar ag pleanáil OCG ach díriú ar an gcaoi chun idirdhealú a dhéanamh go cuí le linn ceacht OCG
- a bheith ar an airdeall go bhféadfadh luas agus sonraí na dtopaicí a bheith difriúil
- tuiscint a bheith acu go bhféadfadh go mbeadh tacaíocht bhreise ag teastáil ó pháistí ina gcuid foghlama lasmuigh de cheachtanna OCG chomh maith le tuilleadh tacaíochta chun an fhoghlaim a phearsantú maidir lena gcuid caidreamh, iompraíochtaí agus leibhéal aibíochta féin
- aithint go bhféadfadh sé a bheith riachtanach dul ar ais chuig topaicí ní minice le roinnt páistí, is fíor é seo do thopaicí nua agus teibí go háirithe.

Bí ar an airdeall go bhfuil an clár Bí Sábháilte mar ghné éigeantach de OSPS/OCG agus nach meastar go n-úsáidfidís an t-ábhar tacaíochta seo ina ionad. Cuimsítear le '**An Clár Bí Sábháilte do Pháistí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu**' ceachtanna do pháistí a bhfuil lagú radhairc, míchumais fhisiceacha, lagú éisteachta orthu nó a bhfuil deacrachtaí ginearálta foghlama nó deacrachtaí sóisialta, mothúchána nó iompraíochta acu.

Rudaí le meas le haghaidh Oideachas ar Chaidreamh agus ar Ghnéasacht a mhúineadh do pháistí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu

Forléargas an Mhúinteora



Bíonn cur chuige saincheaptha ag teastáil ó OCG in amanna do pháistí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu agus múinim ar bhealach a thagann le stíl foghlama an pháiste i gcónaí. Is gné thábhachtach í pleanáil go luath do riachtanais an pháiste agus teagmháil a dhéanamh lena t(h)uismitheoirí agus le gairmithe eile a d'fhéadfadh a bheith ag obair leis an bpáiste. Maidir le páistí níos sine, múinim coincheapa, topaicí agus teanga roimh ré i gcónaí ionas go mbeidh sé d'am ag páistí tuiscint a fháil ar na príomhtheachtaireachtaí agus le bheith ullmhaithe, do na hathruithe a tharlaíonn le linn caithreachais go háirithe. Thug mé faoi deara nuair a mhúinteoir na topaicí ródhéanach d'fhéadfadh deacrachtaí iompraíochta teacht chun cinn dá réir ó tharla nach mbíonn an páiste ar an eolas faoin méid atá ag tarlú agus ní bhíonn an páiste in ann déileáil leis.

leanas maidir le hidirdhealú do pháistí a bhfuil RSO acu sa cheacht OCG.

Rudaí praiticiúla le meas agus straitéisí praiticiúla chun OCG a theagasc do pháistí a bhfuil OCG acu

Cuideoidh na rudaí le meas a leanas leat chun OCG ionchuimsitheach a chur ar fáil do pháistí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu i do scoil.

- **Cur chuige scoile uile:** Is éifeachtaí OCG nuair a dhéantar é trí chur chuige uile-scoile. Ba cheart go dtabharfadh beartas OCG do scoile breac-chuntas ar chur chuige uile-scoile ach dul i ngleic leis an teanga, leis na hacmhainní agus leis na modheolaíochtaí a úsáidtear chun OCG a theagasc agus le hionchais na scoile maidir le cumarsáid le tuismitheoirí. Is éard atá i gceist le cur chuige uile-scoile, nasc a dhéanamh le gach gné a bhaineann le curaclam, beartas agus pobal na scoile. Spreagann sé cumarsáid agus treisiú maidir le cultúr a bhíonn i gcónaí dearfach agus cuireann sé tacaíocht iomlánaíoch ar ardchaighdeán ar fáil d'fhoghlaiméoirí. Maidir le páistí a bhfuil RSO acu, fágann sé go mbeidís ag foghlaim go leanúnach trí dheiseanna neamhfhoirmiúil agus tríd an gcuraclam OSPS/OCG foirmiúil. Ba cheart go mbeadh gach ball foirne páirteach chun teachtaireachtaí leanúnacha a thairiscint maidir le OSPS/OCG. Foghlaiméoidh páistí ón mbealach a dtéann na baill foirne i ngleic le cásanna laethúla agus le hidirghníomhaíochtaí ar nós na gcásanna a bhaineann le toiliú nó le príobháideachas. Chomh maith leis sin, tá sé cabhrach má nasctar an fhreagairt ó na baill foirne le foghlaim OSPS/OCG agus le cód iompraíochta na scoile. B'fhéidir gur mhaith leat cuimhneamh ar an ról maidir le próiseas féinmheastóireacht na scoile chun do chleachtas a fhorbairt mar scoil iomlán sa cheantar seo. Nuair atáthar ag cuimhneamh ar chur chuige uile-scoile, b'fhéidir go mbeadh sé cabhrach riachtanais phroifisiúnta na mball foirne sa cheantar seo agus traenáil chuí a eagrú a chuirfidh ar a gcumas iad a

Pleanáil i gcomhair eispéiris foghlama ionchuimsitheacha in OSPS/OCG

Is duine aonair é gach páiste, a bhfuil a láidreachtaí, scileanna agus réimsí aonair ina bhfuil gá le tacaíocht aige/aici. Mar mhúinteoir do pháiste, is éifeachtaí duit fáil amach cén chaoi is fearr tacú le gach páiste a n-oibríonn tú leo agus chun dúshlán a thabhairt dóibh. Agus tú ag pleanáil i gcomhair foghlaim agus teagasc, tá sé tábhachtach comhraite a bheith agat leis na páistí agus lena dtuismitheoirí faoi na torthaí inmhianaithe atá acu maidir le OSPS/OCG. Tagraíonn an téarma 'idirdhealú' don phróiseas lena gcuimsítear ábhar éagsúil, gníomhaíochtaí, teagasc, foghlaim, modhanna agus acmhainní chun réimse na spéiseanna, riachtanas agus eispéireas atá ag páistí aonair a chur san áireamh. Baineann idirdhealú leis an múinteoireacht éifeachtach ar fad ach tá sé an-tábhachtach do pháistí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. Chun tuilleadh a léamh faoi idirdhealú do pháistí a bhfuil míchumas ginearálta foghlama acu féach [Treoirlínte do Mhúinteoirí maidir le Scoláirí Faoi Mhíchumais Ghinearálta Foghlama Réamhrá](#). Tá rudaí le meas ag an treoir a

Rudaí le meas le haghaidh Oideachas ar Chaidreamh agus ar Ghnéasacht a mhúineadh do pháistí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu

bheith níos muiníní agus níos cumasaí chun eispéiris foghlama ar ardchaighdeán a phleanáil in OCG.



Forléargas ó thaighde

Forléargas ó thaighde



Fuarthas amach i bhfianaise a bailíodh le linn fhorbairt churaclam Oideachas na Breataine Bige ar chaidreamh agus ar ghnéasacht (2019) gurb é “cur chuige uile-scoile” an ghné ba thábhachtaí chun OCG éifeachtach ar ardchaighdeán a chinntiú. Léiríodh sa taighde gur thacaigh cur chuige uile-scoile, dea-phleanáilte maidir le OCG le athruithe dearfacha ar dhearccháil agus ar iompraíocht.

- **Cur chuige ilchéadfach agus il-mhodheolaíoch a úsáid:** Baineann cur chuige ilchéadfach le heispéiris foghlama a bhaineann le bheith ag plé le níos mó ná céadfa amháin ag an am céanna. D’fhéadfadh go gcuimseofaí leis seo blaiseadh, boladh, tadhall, éisteacht agus braistint ghluaiseachta. Tá an cineál seo foghlama an-úsáideach do pháistí a bhfuil míchumas foghlama acu go háirithe. Mar shampla, d’fhéadfadh go mbeadh sé deacair do pháiste faisnéis amhairc a phróiseáil. Fágann sé seo go mbíonn sé dúshlánach dóibh cuimhne a choinneáil ar eolas agus é a fhoghlaim trí spreagthacha amhairc nó spreagthacha bunaithe ar théacs amháin. Cuimsítear leis na modhanna amhairc ach níl sé teoranta do, úsáid ghrianghraf, físeán agus línelíníochtaí. Agus páistí ag úsáid céadfaí eile, ar nós tadhail nó éisteachta, is féidir leo nasc níos láidre a dhéanamh leis an méid atá siad a fhoghlaim. Sampla den fhoghlaim ilchéadfach in OCG is ea bábóga atá ceart i dtaobh na hanatamaíochta a úsáid nuair atáthar ag foghlaim faoi ainmneacha na mball coirp, chomh maith le físeáin nó léaráidí de bhaill choirp. Chomh maith leis sin, tá sé tábhachtach réimse modheolaíochtaí a úsáid nuair atáthar ag teagasc OCG do pháistí a bhfuil RSO acu, mar atá aibhsithe sa ‘Forléargas ó thaighde’ ina dhiaidh sin.

Mhol Schmidt *et al.*, (2020) roinnt modheolaíochtaí múinteoireachta a úsáid nuair atáthar ag teagasc OCG do pháistí atá faoi mhíchumas intleachtúil agus forbartha. Cuimsítear leis na modheolaíochtaí is coitianta a úsáidtear in OCG do pháistí faoi mhíchumas intleachtúil agus forbartha; aiseolas agus atreisiú, múinteoireacht theagascach, treoracha soiléire, plé, gnáthaimh struchtúrtha, agus tascanna le tabhairt abhaile (Schmidt, Brown agus Darragh, 2020). Ach, fuarthas amach go raibh úsáid na léaráidí (m.sh., pictiúir agus físeáin) agus foghlaim ghníomhaíocht-bhunaithe nó cleachtadh treoraithe (m.sh., rólímirt, eiseamláiriú, agus eiseamláiriú físeáin) go raibh siad thar a bheith éifeachtach (Schmidt, Brown agus Darragh, 2020; Schmidt *et al.*, 2020).

- **Acmhainní:** Nuair atáthar ag roghnú nó ag cruthú acmhainní i do cheacht OSPS/OCG déan cinnte go dtugann siad gach páiste san áireamh. Mar shampla, cuimsítear leo íomhánna de dhaoine i gcathaoireacha rothaí, daoine ag caitheamh áiseanna éisteachta, nó daoine ag úsáid teicneolaíocht oiriúnaitheach. Ba cheart do do rogha acmhainní agus na léirithe a thugann siad le fios, an teachtaireacht a threisiú gur rud dearfach é gnéasacht daoine agus go gclúdaíonn sé sin gach duine. D’fhéadfadh go mbeadh **Acmhainní Free to be me ó Leabhair Pháistí Éireann** úsáideach nuair atáthar ag lorg samplaí ionchuimsitheacha d’acmhainní.

Rudaí le meas le haghaidh Oideachas ar Chaidreamh agus ar Ghnéasacht a mhúineadh do pháistí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu

Forléargas ó thaighde:



Fuarthas amach ó thaighde gur minic a léirítear an cumasachas sa ghnéas-oideachas (Campbell, Löfgren-Mårtenson agus Martino, 2020) ar rud achrannach é, óir gur féidir dul i bhfeidhm go diúltach ar fhéinmhuinín daoine nach bhfeiceann iad féin sna hábhair oideachais (Campbell, Löfgren-Mårtenson agus Martino, 2020; Ferrante agus Oak, 2020). Mura raibh na hábhair ionchuimsitheach don pháiste agus dá f(h)éiniúlacht, is féidir bacainní a chruthú leis do pháistí agus iad ag iarraidh an t-eolas a chur i bhfeidhm orthu féin (Ferrante agus Oak, 2020)

- **Teanga:** Bí feasach ar an teanga a úsáidtear in OCG agus déan cinnte go bhfuil an teanga ionchuimsitheach agus inrochtana. Bíodh gach duine ar aon intinn maidir leis an bhfoclóir a úsáidtear sa scoil agus déan cinnte go dtagann sé leis an gcuraclam. Nuair a aontaítear é seo taobh istigh de na baill foirne agus é bunaithe mar bheartas na scoile, is féidir an foclóir céanna a chur in iúl do gach duine, a threisiú go leanúnach agus is féidir mínithe a thabhairt nuair is gá. Sula dtosóidh tú ag múineadh ceacht OSPS/OCG, cuimhnigh an mbeadh sé tairbheach dá múinfeá an foclóir a theastóidh ón bpáiste/ó na páistí a mhúineann tú don cheacht roimh ré. Sa chas gur múineadh teanga nua mar chuid de cheacht OCG, d'fhéadfadh seisiún leantach a bheith cabhrach le grúpaí beaga nó le haon pháiste amháin duine ar dhuine chun an fhoghlaim a phearsantú ó na ceachtanna uile-ranga. Bain úsáid as an teanga cheart do na baill choirp i gcónaí. Cuimhnigh go bhféadfadh na patrúin agus an teanga a d'fhoghlaim duine ar dtús a bheith ann go deireadh a saoil. Mar shampla, má fhoghlaimítear focal 'béarlagair' nuair atáthar ag tagairt do na baill ghiniúna sa bhaile, d'fhéadfadh go mbeadh sé deacair do dhuine tuiscint a bheith aige/aici go bhfuil focal eile ann a úsáidtear i gcásanna níos foirmiúla. Má úsáideann páiste 'béarlagair', tá

sé tábhachtach an t-ainm ceart a thabhairt freisin, chun aon mhíthuiscint a sheachaint. Tá sé seo tábhachtach le haghaidh cosanta.

- **Páistí agus tuismitheoirí páirteach sa phróiseas pleanála le haghaidh OCG:** Go hidéalach, ba cheart do pháistí an deis a bheith acu a dtuairim a thabhairt ina gcuid foghlama in OCG. Glac am chun cumarsáid a dhéanamh le páistí faoina n-eispéiris agus faoina riachtanais in OCG agus bain úsáid as na hidirghníomhaíochtaí chun eispéiris chuifoghlama a phleanáil, más féidir. D'fhéadfá é seo a dhéanamh ach comhráite duine ar dhuine a bheith agat le páistí faoina gcuid foghlama in OCG nó trí cheist a chur ar an bpáiste roghanna a dhéanamh faoin méid ba mhaith leis/léi a fhoghlaim ina dhiaidh sin nó faoi na hacmhainní is tarraingtí dar leis/léi. Mar shampla, "Bhíomar ag foghlaim faoi chairdeas, ar mhaith leat scéal a léamh faoi chairdeas nó féachaint ar fhíseán faoi chairdeas sa chéad chuid eile den cheacht?" I roinnt cásanna, ní bheidh sé de chumas ag páistí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu a riachtanais a chur in iúl maidir le OCG nó ní bheidh an cumas cognaíoch acu chun roghanna a dhéanamh faoina gcuid foghlama. Cé go mbíonn sé i tábhachtach i gcónaí foghlaim páistí a phlé in OCG le tuismitheoirí, tá sé an-tábhachtach go mbeidh tuismitheoirí páirteach sa phróiseas pleanála nuair nach bhfuil páiste in ann a c(h)uid riachtanas a chur in iúl.
- **Bunaigh comhpháirtíochtaí le tuismitheoirí:** Is gné an-tábhachtach de OSPS/OCG éifeachtach a bheith ag oibriú i gcomhpháirtíocht le tuismitheoirí. B'fhéidir go mbeadh cásanna dúshlánacha ag tuismitheoirí ag a bhfuil páistí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu sa bhaile a bhaineann le OCG. Beidh tuismitheoirí buíoch as eolas faoin méid a chuireann an scoil ar fáil in OCG agus d'fhéadfadh gur mhór leo deiseanna le haghaidh tuilleadh plé agus tacaíochta. Cabhraíonn sé a bheith ag obair i bpáirtíocht le tuismitheoirí chun leanúnachas a bhaint amach sa bhaile agus ar scoil agus d'fhéadfadh sé cuidiú le tuismitheoirí agus

Rudaí le meas le haghaidh Oideachas ar Chaidreamh agus ar Ghnéasacht a mhúineadh do pháistí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu

iad ag tacú le neamhspleáchas a bpáiste agus lena bpáiste agus é/í ag teacht in inmhe. Mura bhfuil ann ach páiste ag déanamh comhartha 'príobháideach' agus á thabhairt abhaile le haghaidh seomra folctha nó le haghaidh seomra codlata, d'fhéadfadh sé tuismitheoirí a chur ag smaoineamh ar riachtanas an pháiste le haghaidh príobháideachais agus iad ag teacht in inmhe. D'fhéadfadh cruinnithe tuismitheoirí is múinteoirí agus cruinnithe tacaíochta pleanála deis a chruthú chun na riachtanais chomhroinnte a aithint agus chun iad agus a bpáistí a ullmhú le haghaidh caitheamhais.

- **Eiseamláirigh idirghníomhaíochtaí dearfacha agus toiliú:** Bí ar an eolas go mb'fhéidir go mbeadh scileanna sóisialta, iompraíochta, agus cinnteoireachta a bhfuil bac orthu ag roinnt páistí (Schaafsma et al., 2015), rud a imreoidh tionchar ar a gcumas chun toiliú a thabhairt. Tá sé tábhachtach go gcuimsítear leis na heispéir a bhíonn ag páiste ar scoil cleachtais mhaithe maidir le toiliú agus idirghníomhaíochtaí dearfacha. Eiseamláirigh go bhfuil tú ag iarraidh toilithe agus go bhfuil meas agat ar mhianta an pháiste mura dtugann sé/sí toiliú. Mar shampla, má tá tú ag obair le páiste faoi mhíchumas ginearálta foghlama, tabhair am don pháiste i ndiaidh ceiste ach 'ba mhaith liom...' a rá agus fanacht nóiméad nó go dtabharfaidh an páiste le fios go bhfuil sé/sí réidh sula gcuirfidh tú an ghníomhaíocht i gcrích. Féach na hábhair thacaíochta le haghaidh tuilleadh eolais 'Ag teagasc faoi thoiliú' agus 'Ag teagasc páistí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu faoi na coincheapa 'poiblí' agus 'príobháideach'.
- **Bíodh meas agat ar cheart an pháiste ar dhínt, ar mheas, agus ar phríobháideachas:** Bíonn baint ag níos mó páistí ag a bhfuil riachtanais phearsanta agus dhlúthphearsanta le cásanna ina bhfuil tadhall pearsanta i gceist. Tá sé tábhachtach a chinntiú go gcothaíonn tú timpeallacht ina bhfuil meas, gnáthamh sábháilte agus trédhearcacht nuair atáthar ag tabhairt faoi ghnáthaimh chúraim phearsanta – ionas go mbeidh páistí in ann tuiscint a fhorbairt ar na cleachtais chuí agus ar na

hidirghníomhaíochtaí dearfacha. Is féidir gnáthaimh chúraim phearsanta a úsáid mar dheis teagaisc, inar féidir leis an CRS nó an múinteoir ranga tráchtáireacht a dhéanamh ar a ngníomhaíochtaí. Is féidir an gnáthamh seo a dhéanamh roimh an ngnáthamh cúraim, lena linn nó ina dhiaidh, ag brath ar riachtanais an pháiste. Téann an páiste i dtaithe ar na coincheapa poiblí/príobháideach ar an mbealach seo, chomh maith leis na hainmneacha cearta ar bhaill choirp an pháiste agus cosaint an pháiste, i gcur chuige comhthéacsúil agus leantach. Ba cheart go mbeadh an múinteoir agus an CRS a bheith ar an eolas gurb iad na hathruithe ar iompraíocht le linn gnáthaimh dhlúthphearsanta a d'fhéadfadh a bheith ina comhartha gur eispéreas diúltach atá ann don pháiste. Tá sé tábhachtach go gcloítear le beartas na scoile maidir le gach gnáthamh cúraim dhlúthphearsanta.

- **Bulaíocht agus cosaint leanaí do pháistí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu:** Mar phobal uile-scoile, bí ar an eolas gur mó an seans go ndéanfar bulaíocht agus dúshaothrú ar roinnt páistí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, páistí atá faoi mhíchumas ginearálta foghlama acu go háirithe. Agus tú ag pleanáil do cheacht OSPS/OCG, déan cinnte go bhfuil cosaintí cearta curtha i bhfeidhm chun páistí a chosaint le linn an cheachta, mar shampla, go mbunaítear freagrachtaí agus teorainneacha an tseomra ranga go maith (féach Ábhar Tacaíochta: **Caidrimh, ionchais agus teorainneacha a chothú**) agus go bhfuil na baill foirne, tuismitheoirí agus, páistí nuair is féidir ar an eolas faoi bheartas frithbhulaíochta na scoile agus faoin gcód iompraíochta.
- **Measúnú:** Is féidir measúnú i gcomhair straitéisí foghlama, idirdhealaithe chun freastal ar riachtanais an pháiste aonair, eolas a dhéanamh do phleanáil, teagasc agus foghlaim do pháistí a bhfuil RSO acu. Is ionann an múinteoir ag faire agus ag tabhairt go leor ama do pháistí freagra a thabhairt (am fanachta) agus chun úsáid a bhaint as spreagthaigh éagsúla chun tacú le ceistanna (m.sh. spreagthaigh radhairc nó spreagthaigh briathartha) agus go

Rudaí le meas le haghaidh Oideachas ar Chaidreamh agus ar Ghnéasacht a mhúineadh do pháistí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu

mbeidh roinnt bealaí acu freagra a thabhairt (m.sh. féachaint sa tsúil nó gothaí). Tá sé tábhachtach forbairt a dhéanamh maidir le cumas an pháiste chun féinmheastóireacht a dhéanamh. Cruthaigh deiseanna do pháistí aiseolas a thabhairt ar an gceacht agus chun a bhfoghlaim féin a mheas trí fhéinmheasúnú. Tabhair deis do na páistí an méid a d'fhoghlaim siad a thaispeáint ar bhealaí éagsúla. Téigh ar ais chuig topaicí chun a chinntiú go ndaingnítear an fhoghlaim go minic. Bí ar an eolas go mbíonn 'ceilt shóisialta' níos fairsinge i measc roinnt páistí¹ agus ba cheart é seo a chur san áireamh nuair atá tú ag déanamh meastóireacht ar an bhfoghlaim a rinneadh cheana agus ag fáil amach ar thuig na páistí miondífriochtaí sa cheacht OCG nó nár thuig.

¹ Is ann do cheilt shóisialta nuair a dhéanann páiste a bhfuil uathachas air/uirthi iompraíochtaí sóisialta a mheastar atá inghlactha go sóisialta ar dhóigh mhínáidúrtha nó nuair a cheileann an páiste seo iompraíochtaí a mheastar atá doghlactha go sóisialta. D'fhéadfadh gurb é is cúis leis chun iarmhairtí sóisialta diúltacha a sheachaint ar nós bulaíochta. Cuimsítear leis meascán de cheilt agus teicnící cúitimh nuair a oibríonn duine chun smacht a choinneáil ar a c(h)uid taghdanna, nuair a chleachtann duine freagraí ar cheisteanna nó comhráite nó nuair a dhéanann sé/sí aithris ar dhaoine eile.

Rudaí le meas le haghaidh Oideachas ar Chaidreamh agus ar Ghnéasacht a mhúineadh do pháistí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu

An chéad chéim eile?

Conas is féidir liom tacú le tuismitheoirí?



Foghlaim sa bhaile: Labhair le tuismitheoirí faoina n-ionchais maidir le OCG dá bpáiste agus, nuair is féidir, cuir an méid atá tú ag teagasc ar scoil in iúl dóibh ionas go mbeidh sé ar chumas na dtuismitheoirí ábhar nua a dhaingniú agus a threisiú sa bhaile.

Cumarsáid: Beidh na dúshlán chéanna roimh thuismitheoirí agus roimh an scoil go minic maidir le OCG. Cuirfidh cumarsáid leanúnach idir an baile agus an scoil ar ár gcumas cur chuige aontaithe maidir le OCG a chinnteoidh go ndaingneofar an fhoghlaim sna timpeallachtaí sa bhaile agus ar scoil.

Léitheoireacht Bhreise



[Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte
Treoirínite do Mhúinteoirí maidir le Scoláirí faoi
Mhíchumais Éadroma Ghinearálta Foghlama](#)

[Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte
Treoirínite do Mhúinteoirí maidir le Scoláirí faoi
Mhíchumais MEASARTHA Ghinearálta Foghlama](#)

[Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte
Treoirínite do Mhúinteoirí maidir le Scoláirí faoi
Mhíchumais Ghéara agus Throma Ghinearálta
Foghlama](#)

[Treoirínite do Mhúinteoirí maidir le Scoláirí Faoi
Mhíchumais Ghinearálta Foghlama Réamhrá](#)

[An Clár Bí Sábháilte do pháistí a bhfuil riachtanais
speisialta oideachais acu](#)

Tagairtí

Campbell, M., Löfgren-Mårtenson, C. agus Martino, A.S. (2020) "Crippling Sex Education," *Sex Education*. Routledge, lgh. 361–365. doi:10.1080/14681811.2020.1749470.

Ferrante, C.A. agus Oak, E. (2020) 'No sex please! We have been labelled intellectually disabled,' *Sex Education*, 20(4), lgh. 383–397. doi:10.1080/14681811.2020.1719479.

Schmidt, E.K. *et al.* (2020) "Recommendations to Improve Accessibility of Sexuality Education for Individuals with Intellectual or Developmental Disabilities: A Qualitative Study," *American Journal of Sexuality Education*, 16(1), lgh. 38–56. doi:10.1080/15446128.2020.1860177.

Schmidt, E.K., Brown, Christopher agus Darragh, A. (2020) "Scoping Review of Sexual Health Education Interventions for Adolescents and Young Adults with Intellectual or Developmental Disabilities," *Sexuality and Disability*, 38, lgh. 439–453. doi:10.1007/s11195-019-09593-4.